Coimisiún na Scrúduithe Stáit

Scrúdú An Teastais Shóisearaigh, 2015

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh

## Líníocht

## Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

Le tabhairt do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí
13 Aibreán, 2015

Tá cead ag na scoileanna an scrúdú a reáchtáil ar a rogha lá idir

27 Aibreán agus 8 Bealtaine, 2015

100 marc

## Treoracha d’iarrthóirí

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, mar leanas:

| | | |
|---|---|---|
| **Catagóir A (Deilbheacha Nádúrtha)**<br>nó<br>**Catagóir B (Deilbheacha Saorga)** | Breathnóireacht 25 marc<br>Léirmhíniú 25 marc | Iomlán 50 marc |

agus

| | | |
|---|---|---|
| **Catagóir C (Deilbheacha Daonna)** | Breathnóireacht 25 marc<br>Léirmhíniú 25 marc | Iomlán 50 marc |

Ní cóir go mbeadh na bileoga líníochta níos mó ná méid A2. Bain úsáid as bileog ar leith le haghaidh gach catagóire – dhá bhileog san iomlán.

Deimhnigh go bhfuil do scrúduimhir scríofa go soiléir ar an dá bhileog líníochta atá agat.

Tá cead agat aon mheán oiriúnach a úsáid, pinn luaidhe, pastail, criáin, peann agus dúch, péinteanna, marcóirí, nó meascán ar bith díobh sin san áireamh.

Ná spraeáil buanaitheoir ar d’obair ealaíne.

Más mian leat bileog líníochta dhaite a úsáid, ní mór don Fheitheoir í a shíniú sula dtosaíonn an scrúdú le deimhniú go bhfuil sí bán.

Ní mór teideal an ruda a roghnaíonn tú as Catagóir A nó as Catagóir B a scríobh ar an mbileog líníochta ionas gur féidir é a aithint go soiléir.

Ceadaítear 90 nóiméad le haghaidh Chatagóir C, na tréimhsí sosa uile a bheidh ag an gcuspa beo san áireamh.

Nuair a bheidh an scrúdú líníochta thart, cuir an dá bhileog líníochta sa chlúdach in éineacht le do shaothar tionscadail 2T.

Cuir in iúl ar an seicliosta ar an gclúdach go bhfuil an dá bhileog líníochta faoi iamh.

Ní mór do chlúdach a shéalú ansin i láthair an Fheitheora.

Ní ceadmhach an clúdach a oscailt athuair.

Ní mór an obair 3T a chur ar bharr an chlúdaigh shéalaithe.

## Riachtanais an Scrúdaithe

Tá ort **dhá** líníocht a dhéanamh, mar leanas:

**Catagóir A (Deilbheacha Nádúrtha)**
nó
**Catagóir B (Deilbheacha Saorga)** **9:30 a.m. – 10:30 a.m.**
agus
**Catagóir C (Deilbheacha Daonna)** **11:00 a.m. – 12:30 p.m.**

Roghnaigh rud amháin as Catagóir A nó as Catagóir B thíos agus **ainmnigh** ar an mbileog líníochta é.

| Catagóir A – Deilbheacha Nádúrtha | Catagóir B – Deilbheacha Saorga |
|---|---|
| léicin agus/nó coirt crainn | deideigheanna |
| iasc agus/nó cnámh(a) éisc | seaniarann meirgeach |
| ceap connaidh (lomán adhmaid don tine) | gléas iascaireachta agus/nó baoite iascaireachta |
| toradh andúchasach de do rogha féin | boinn agus nótaí airgid |
| an bláth is fearr leat | lámhainní caite |
| triopall fíonchaor | clogad spóirt |
| málaí tae a úsáideadh cheana | uirlis(í) cócaireachta |
| cnámh do mo mhadra | scuab(a) agus tiúb(a) péinte |
| cáis nó éagsúlacht cáise | greamán bíse |
| slisne píotsa | banda(í) rosta agus slabhra(í) brád |
| póiríní cloiche as an abhainn | fabhraí bréagacha agus mascára |

**Gnáthleibhéal**
Tarraing líníocht den deilbh iomlán **nó** líníocht de chuid di. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun a gnéithe a iniúchadh.

**Ardleibhéal**
Tarraing líníocht den deilbh iomlán **agus** líníocht de chuid di. Is féidir an chuid seo a mhéadú chun a gnéithe a iniúchadh.

## Catagóir C – Deilbheacha Daonna

Ba chóir don chuspa beo a bheith ina s(h)uí chun tosaigh ar chathaoir agus ag luí siar.

Ba chóir cosa an chuspa a bheith trasna ar a chéile ag na glúine, an ghlúin dheas thar an nglúin chlé.

Ba chóir lámha an chuspa a bheith fillte ar a chéile, lámh dheas thar an lámh chlé, sa tslí go mbeidh cúl na láimhe deise agus méara na láimhe clé le feiceáil.

Ba chóir don chuspa a bheith ag féachaint ar clé.

**Ní mór na gnéithe d'aghaidh an chuspa a bheith le feiceáil** – ba chóir gruaig fhada ar bith a cheangal siar.

**Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal**
Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an staidiúir iomlán a thaispeáint.
**nó**
Ní mór duit líníocht a tharraingt den chuspa beo agus an cloigeann agus na guaillí a thaispeáint.
Ní mór duit na gnéithe uile den aghaidh is féidir leat a fheiceáil a tharraingt i do líníocht.

An Teastas Sóisearach – Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal

# Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh – Líníocht

Le tabhairt do na Múinteoirí Ealaíne agus do na hIarrthóirí 13 Aibreán, 2015

Tá cead ag na scoileanna an scrúdú a reáchtáil ar a rogha lá idir 27 Aibreán agus 8 Bealtaine, 2015